

Ard-Mhúsaem
na hÉireann
National Museum
of Ireland



museum

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Stiúrthóir

Clár Ábhair

1. Teachtaireacht ónár gCathaoirleach	3
2. Eolas faoi Ard-Mhúsaem na hÉireann	5
3. An Post	7
4. Sonraíocht phearsanta	10
5. Conas Iarratas a Dhéanamh	12
6. Aguisíní	13



Teachtaireacht ónár gCathaoirleach

Mar Chathaoirleach Ard-Mhúsaem na hÉireann, tá earcú Stiúrthóra nua ar cheann de na cúraimí is tábhachtaí a dhéanfaidh mé féin agus ár mBord le linn ár dtéarma. Is é Ard-Mhúsaem na hÉireann an institiúid chultúrtha is mó in Éirinn agus tá príomhról ceannaireachta aige laistigh den earnáil chultúrtha ina hiomláine. Tá ról uathúil ag an Músaem i saol poiblí na hÉireann: caomhnaíonn sé na réada agus na scéalta lena sainítear ár n-oidhreacht chomhroinnte agus cruthaíonn sé spásanna inar féidir le daoine machnamh a dhéanamh ar cé muid féin mar shochaí, agus cá bhfuilimid ag dul.

Tá músaeim thar a bheith tábhachtach. Ní hamháin gur institiúidí cultúrtha iad ach is eintitis shibhialta iad freisin a chothaíonn tuiscint, fiosracht agus nasc. Comhlíonann Ard-Mhúsaem na hÉireann an ról sin ar bhealach cumasach. Sa staidreamh is déanaí, d'idirghníomhaigh os cionn 1.3 milliún cuairteoir lenár mbaillúcháin agus lenár dtaispeántais. Tháinig na cuairteoirí sin ó gach cearn d'Éirinn agus ó gach cearn den domhan, rud a léiríonn tábhacht an Mhúsaeim ní hamháin mar acmhainn chultúrtha ach mar rannpháirtí sa turasóireacht, san oideachas, sa taighde agus sa gheilleagar i gcoitinne chomh maith.

Téann ár misean níos faide ná maoirseacht a dhéanamh ar dhéantáin. Cuidíonn an Músaem le hÉirinn a scéal a insint, trí scoláireacht, rannpháirtíocht phoiblí agus trí chomhoibriú le pobail, scoileanna agus taighdeoirí. Tá an cultúr á aithint níos agus níos mó mar chuid riachtanach de shochaí chuimsitheach athléimneach, Ag am inar féidir leis an dioscúrsa poiblí bheith ina chúis le conspóideach corruair, cuireann institiúidí amhail Ard-Mhúsaem na hÉireann spásanna ar fáil inar féidir le hidirphlé, machnamh agus tuiscint chomhroinnt déanamh go maith.

Le míonna beaga anuas, tá an Bord ag obair go forleathan le foireann agus le lucht bainistíochta an Mhúsaeim, ag éisteacht lena léargas, a n-uaillmhianta agus a machnamh maidir le todhchaí na heagraíochta. Tá sé lárnach do sin go leanfar leis an stíl cheannaireachta atá i bhfeidhm ag an Músaem le tamall anuas, agus í a fhorbairt tuilleadh; stíl nach mbaineann le céim agus a bhaineann níos mó le dáimh agus le hathrú, agus ina bhfuil tábhacht le rannpháirtíocht na foirne. Bhí uaillmhian láidir ann, le fócas ar bharr feabhais agus ar an ngá a aithint le hacmhainní a éagsúlú chun an uaillmhian sin a mhaoiniú, go háirithe trí thaighde. Feicim an Músaem mar áit ina dtagann tiomantas domhain, cruthaitheacht agus dualgas na hearnála poiblí le chéile, agus áit a mbeidh ról mór ag ár gcéad Stiúrthóir eile maidir le tionchar a imirt ar an gcéad chaibidil eile agus í a shainiú.

Le blianta beaga anuas tá athrú suntasach tagtha ar chultúr agus ar oibríochtaí an Mhúsaeim. An rud atá feicthe agam mar Chathaoirleacht ná eagraíocht thar a bheith éifeachtach ag a bhfuil foireann dhíograiseach a bhfuil an-bhród orthu as a gcuid oibre agus as an ról atá ag an Músaeim sa saol poiblí. Léirítear le tionscnaimh le déanaí amhail an taispeántas Focail ar Farrage agus oscailt ghailearaithe Éire ag Athrú cruthaitheacht agus gairmiúlacht na foirne, agus cumas an Mhúsaeim eispéiris a bhfuil tionchar acu a sholáthar don lucht féachana/éisteachta.

Ag an am céanna, tá dúshlán thábhachtach ann fós. Tá clár suntasach leanúnach d'fhorbairtí caipitil againn inár láithreán go léir, agus an cuardach ar bhaile buan, a sheasfaidh an aimsir, dár mbaillíocháin náisiúnta cúltaca ag leanúint ar aghaidh. Tá an Stiúrthóir freagrach as ár rannpháirtíocht leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a threorú maidir le forbairt ár láithreán laistigh de chreat an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Beidh fíis, ceannaireacht agus comhpháirtíocht láidir leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus luach poiblí an Mhúsaeim á choinneáil ar bun.

Dá bhrí sin, tá Stiúrthóir á lorg ag an mBord a thógfaidh ar na bunchlocha láidre atá ann cheana, agus a threoróidh an Músaeim isteach sa chéad chéim eile dá fhorbairt. Is deis í seo bheith i gceannas ar cheann de na hinstiúidí cultúrtha is iontaofa in Éirinn, eagraíocht ag a bhfuil foireann chumasach, sainordú náisiúnta a bhfuil bród as, agus acmhainneacht urghnách chun a tionchar a leathnú sa bhaile agus thar lear araon.

Thar ceann an Bhoird, agus thar mo cheann féin, tugaim cuireadh d'iarrthóirí ag a bhfuil an tiomantas céanna seo don chultúr, don tseirbhís phoiblí agus don cheannaireacht institiúideach smaoineamh ar bheith linn maidir le tionchar a imirt ar thodhchaí Ard-Mhúsaeim na hÉireann trí iarratas a dhéanamh le bheith ina c(h)éad Stiúrthóir eile air.

Is Mise le Meas,



Cathal O'Donoghue
Cathaoirleach, Ard-Mhúsaeim na hÉireann



Eolas faoi Ard-Mhúsaem na hÉireann

Is é Ard-Mhúsaem na hÉireann an Institiúid Chultúrtha Náisiúnta is mó sa tír. Cuireann sé go gníomhach le cuimhne chomhchoiteann agus féiniúlachtaí na ndaoine uile a bhfuil ceangail agus suimeanna Éireannacha acu.

Is eagraíocht chasta é an Ard-Mhúsaem atá ag obair faoi láthair ar fud ceithre láithreán ar leith, trí cinn acu suite i mBaile Átha Cliath, agus ceann amháin i gContae Mhaigh Eo, in iarthar an chontae. Meallann na ceithre láithreán sin níos mó ná 1.3 milliún cuairteoir gach bliain, rud a chruthaíonn fíorthréimhsí ceangail, inspioráide agus rannpháirtíochta trí thaispeántais, imeachtaí agus cláir phoiblí chuimsitheacha agus inrochtana.

Tá beagnach ceithre mhilliún réad, déantán agus eiseamal i mbailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá siad á mbainistiú ag ceithre rannán ar leith laistigh den Mhúsaem Ealaíne agus Tionsclaíochta, Seaniarsmaí na hÉireann, Saol na Tuaithe, agus Stair an Dúlra.

Is treo nua spreagúil atá á ghlacadh ag an Músaem faoi láthair iad Gailearaithe Éire ag Athrú a osclaíodh le déanaí. Is ionann na Gailearaithe nua sin agus an leathnú is suntasaí ar spás poiblí ag an Músaem le breis agus fiche bliain. Tá siad dírithe ar réada agus tá siad neamhlíneach, gan insintí réamhchinnte, agus dearadh iad chun athrú agus forbairt ionas gur féidir le taispeántais leanúint le cineál dinimiciúil na staire comhaimseartha a léiriú, - bailiúchán atá ag athrú d'Éirinn atá ag athrú.

Tá sé de phribhléid ag an Músaem cuid de na foirgnimh stairiúla is áille agus atá sna láithreáin is fearr in Éirinn a áitiú. Táimid ag tosú ar thionscadal caomhnaithe agus athchóirithe a bhfuil géarghá leis inár suíomh ag Sráid Mhuirfean, rud a chinnteoidh go ndéanfar an foirgneamh sin atá 169 bliain d'aois - déantán iontach Victoiriach ina cheart féin - a chosaint agus a dhéanamh inrochtana do na glúnta atá le teacht.

Tá uailmhianta againn baile buan, a sheasfaidh an aimsir, a aimsiú dár mbailiúchán náisiúnta cúlta, agus tá pleananna á bhforbairt freisin chun é a leathnú tuilleadh ar bhonn réigiúnach.

Taobh thiar den obair thábhachtach sin ar fad tá foireann de thart ar 250 duine tiomanta agus oilte ar fud ár suíomhanna éagsúla.

Is institiúid iontaofa é Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is é ár misean bheith ina áit tearmainn agus iontais. Tá ár n-áiteanna uile oscailte seacht lá na seachtaine, agus tá cead isteach saor in aisce.



Ár Misean:

Is ceannródaí é Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcaomhnú agus cur chun cinn oidhreacht na hÉireann ar fud an oileáin agus an domhain. Cuirimid le comhchuimhne agus le féiniúlacht gach aon duine ag a bhfuil ceangail Éireannacha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí ár mbailiúcháin is ár gcláir. Cuirimid fáilte faoi láthair roimh níos mó ná milliún cuairteoir gach bliain chuig ár gceithre mhúsaem, ag cur deiseanna ar fáil le bheith spreagtha, rannpháirteach agus ar an eolas trí imeachtaí ionchuimsitheacha agus inrochtana agus trí chlár phoiblí.

Is í **ár bhfís** d'Ard-Mhúsaem na hÉireann músaem de chaighdeán idirnáisiúnta, a chaomhnaíonn agus a chuireann i láthair scéalta na hÉireann agus a háit sa saol mór.

Is í ár n-aidhm ná:

- Oidhreacht ábhair iniompartha agus stair dúlra na hÉireann a bhailiú agus a chaomhnú.
- Na bailiúcháin a léiriú agus a chur chun cinn agus iad a chur ar fáil don lucht féachana sa bhaile agus thar lear trí thaispeántais agus cláir phoiblí.
- Eispéireas cuartaíochta iontach agus ionchuimsitheach a chur ar fáil dár gceithre shuíomh músaem.
- A bheith mar ghuth iontaofa ar ghnéithe ábhartha d'oidhreacht, cultúr agus stair dúlra na hÉireann.
- Oideachas, taighde agus scoláireacht a bhaineann leis na bailiúcháin a dhéanamh agus a éascú.

Ár Luachanna

Maoirseacht

Táimid freagrach as cúram proifisiúnta agus léiriú na mbailiúcháin náisiúnta, lena ndéanann taighde mionchúiseach, scoláireacht agus saineolas foirne eolas dóibh.

Nuálaíocht:

Táimid tiomanta dár gcumas a mhéadú dár mbailiúcháin a roinnt agus lucht féachana/éisteachta nua a mhealladh ar ardáin fhisiceacha agus ar líne trí chomhoibriú nuálach a iniúchadh ar fud na n-earnálacha.

Trédhearcacht

Feidhmímid prionsabail láidre rialachais chorparáidigh agus chomhlíontachta faoi mhaoirseacht Boird dheonaigh atá bunaithe ar reachtaíocht agus ar bheartas poiblí. Cinntímid go bhfuil ár gcinnteoireacht soiléir agus trédhearcach trínár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár straitéisí a chur ar fáil ar líne.

Inrochtaineacht

Táimid do gach duine. Cinntímid go bhfuil ár mbailiúcháin agus ár ngníomhaíochtaí fairsing agus féachaimid le daoine a thugann cuairt ar ár músaem, a dhéanann teagmháil linn ar líne nó trínár gcláir phoiblí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a mhealladh. Tá sé mar aidhm againn rochtain uilíoch a chur ar fáil thar ár láithreáin agus ár seirbhísí go léir.

Comhoibriú

Uasmhéadaímid ár dtionchar agus méadaímid ár gcaidreamh ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta trí oibriú le heagraíochtaí agus le pobail.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin: museum.ie

An Post

Teideal an Phoist	Stiúrthóir
Fad na Fostaíochta	Conradh ar théarma seasta 5 bliana (leis an bhféidearthacht go gcuirfear síneadh ar feadh téarma 5 bliana eile leis)
Ionad oibre	Oifig an Stiúrthóra Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath, D07 XKV4

Achoimre ar an Ról

Beidh an Stiúrthóir nua ina chuid lárnach d'eagraíocht ardfeidhmíochta ina bhfuil foireann shinsearach sheanbhunaithe, Bord rannpháirteach oilte, agus ag a bhfuil caidreamh láidre le páirtithe leasmhara. Táimid ag lorg ceannaire muiníneach, comhoibríoch agus luachmhar a bheidh ábalta cur le bunús láidir leathnaithe, aistrithe agus athraithe cultúir. Is deis uathúil í seo chun an fhoireann bainistíochta shinsearach agus an fhoireann a threorú maidir le tionchar a imirt ar threo Ard-Mhúsaem na hÉireann amach anseo.

Tá am cinniúnach romhainn. Agus an Músaem ag druidim, sa bhliain 2027, le comóradh 150 bliain ó bunaíodh é, agus sa bhliain 2028, le céim dheireanach a Phlean Straitéisigh reatha, beidh ar an iarrthóir rathúil cothromaíocht a aimsiú idir leanúnachas agus bunathrú. Beidh sé/sí ina c(h)eannaire físiúil agus cuimsitheach, a bheidh freagrach as barr feabhais a bhaint amach i réimse iomlán chlár an Mhúsaem, a sheasamh náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú, agus rochtain agus rannpháirtíocht an phobail a leathnú. Ag déanamh amhlaidh dó/dí, beidh ról lárnach aige/aici i gcur chun cinn an Mhúsaem mar institiúid chultúrtha den scoth.

Déanfar infheistíocht shuntasach chaipitil sa tréimhse atá le teacht chomh maith, lena n-áirítear athfhorbairt, caomhnú agus athchóiriú Mhúsaem Stair an Dúlra a bhfuil an-tóir air agus atá ar bun i Sráid Mhuirfean, chomh maith le hathchóiriú agus athfhorbairt fairsing ag Músaem Seaniarsmaí na hÉireann i Sráid Chill Dara, ag ceiliúradh 25 bliain de Shaol na Tíre i bPáirc Thurlaigh, i measc tionscadal eile, lena n-áirítear forbairtí réigiúnacha níos leithne atá beartaithe. Lena chois sin, tá dualgas poiblí tábhachtach á chomhlíonadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann trína ról sa tionscadal maidir leis an Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin a fhorbairt. Éilítear leis an obair sin faoi threoir marthanóirí na caighdeán is airde i dtaca le maoirseacht eiticéil, íogaireacht agus cuntasacht, a chuirfidh an Stiúrthóir chun cinn.

Chomh maith leis sin, ar aon dul leis na moltaí i dTuarascáil an Choiste Chomhairligh maidir le Scéalta Ban, tacaíonn Ard-Mhúsaem na hÉireann le méadú scéalta ban ar fud na dtaispeántas agus na gclár dá chuid agus tá sé tiomanta don mhéadú sin. Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag obair leis an Roinn Cultúir,



Cumarsáide agus Spóirt chun an dícheall cuí a theastaíonn a dhéanamh.

Agus é/sí ag obair don Chathaoirleach agus don Bhord, tá an Stiúrthóir freagrach as ceannaireacht straitéiseach, rialachas agus feidhmíocht eagraíochtúil, misean an Mhúsaeim a chur chun cinn, na bailiúcháin náisiúnta a chosaint, agus barr feabhais, luach poiblí agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú.

Mar ghuth náisiúnta atá aitheanta agus iontaofa i sochaí na hÉireann agus níos faide i gcéin, tá dea-cháil Ard-Mhúsaeim na hÉireann mar bhonn faoi gach gné dá chuid oibre, ag neartú an tiomantais láidir don rialachas, don trédhearcacht agus don chuntasacht ar fud na heagraíochta.

Príomhfhreagrachtaí

Forbairt agus Treo Straitéiseach

- Bheith i gceannas ar dheardh, ar chomhairliúchán, ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme straitéis nua an Mhúsaeim don bhliain 2028 ar aghaidh, agus soiléireacht físe, uaillmhéine agus torthaí intomhaiste a thagann le físe straitéiseach an Rialtais agus le beartais ábhartha á cinniú aige/aici.
- Rannpháirtíocht ar fud na hearnála cultúrtha a éascú, lena n-áirítear príomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe seachtracha, chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí straitéiseacha agus iad a bhailíochtú.
- Ceannaireacht a sholáthar ar fud na heagraíochta agus earnáil na n-institiúidí cultúrtha i gcoitinne, ag ailíniú páirtithe leasmhara taobh thiar de threo straitéiseach chomhroinnte trí chumarsáid shoiléir, tionchar agus rudaí a chur in ord tosaíochta.
- Bheith i gceannas ar an bhfoireann bainistíochta shinsearach agus ar an bhfoireann agus iad a bhainistiú, ag cothú cultúr bairr feabhais, comhoibrithe, nuálaíochta agus cuntasachta.
- Athrú bunathraitheach a spreagadh a bheidh ag teacht le spriocanna straitéiseacha an Mhúsaeim, ag cur eagraíocht foghlama chun cinn agus ag neartú an Mhúsaeim mar fhostóir

cuimsitheach, éagsúil agus ceannródaíoch san earnáil.

- Oibriú i gcomhar leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara, straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le héagsúlú agus úsáid acmhainní, go háirithe i ndáil le taighde, nuálaíocht shóisialta, foinsí tráchtála agus daonchairdiúla.

Soláthar agus Feidhmíocht Oibríochtúil

- A chinntiú go soláthrófar tosaíochtaí straitéiseacha go héifeachtach trí chláir shainithe lena mbeidh garspriocanna soiléire, bearta feidhmíochta agus creataí tuairiscithe.
- Tuairisciú rialta, ardchaighdeán a sholáthar don Bhord, lena n-áirítear feidhmíocht i gcomparáid le spriocanna, príomhdhúshláin agus coigeartuithe molta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar phunann mórthionscadal caipitil, lena n-áirítear athfhorbairt Stair an Dúlra, athlonnú an Ionaid Acmhainní do Bhailiúcháin i Sord, forbairtí Shráid Chill Dara agus tionscnaimh réigiúnacha níos leithne, chomh maith le hoibríochtaí leanúnacha.
- Bheith i gceannas ar ról an Mhúsaeim maidir le forbairt agus oibriú an Ionaid Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin i láithreán ilghníomhaireachta casta ar Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada, Baile Átha Cliath.

- Plean a oibríochtú chun acmhainní a chur ar fáil do na moltaí i dTuarascáil an Choiste Chomhairligh ar Scéalta na mBan agus iad a chur chun feidhme chun cur le scéalta na mban ina chuid taispeántas agus clár uile.
- Cuir i gcrích éifeachtach clár agus seirbhís a chinntiú, lena n-áirítear oibríochtaí, bailiúcháin, rannpháirtíocht phoiblí agus feidhmeanna reachtúla náisiúnta.
- Barr feabhais i mBailiúcháin agus i Maoirseacht Coimeádaíochta a chur chun cinn, agus cúram, caomhantas, caomhnú, taighde agus léirmhíniú na mbailiúchán náisiúnta á gcinntiú.
- Cothromaíocht chúil a choinneáil ar bun idir tosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha agus maoirseacht ar oibríochtaí agus cláir reatha.

Cumas agus Cultúr Eagraíochtúil

- Ceannaireacht láidir, infheicthe, atá bunaithe ar luachanna a sholáthar, trí chultúr ionracais, comhoibrithe, cuntasachta agus feabhsúcháin leanúnaigh a chothú.
- Cumas eagraíochtúil a fhorbairt trí phleanáil don lucht saothair, forbairt ceannaireachta agus planáil chomharbais.
- Cultúr ardfeidhmíochta a leabú le cuspoirí soiléire, aiseolas rialta agus cuntasacht ag gach leibhéal.
- A chinntiú go bhfuil struchtúir, córais, beartais eagraíochtúla agus teicneolaíochtaí iomchuí i bhfeidhm chun na tosaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla a sholáthar go héifeachtach.
- Athrú bunathraitheach a chur chun cinn, lena n-áirítear bunathrú agus feabhsú digiteach.
- Eagraíocht foghlama a chothú, ag tacú le hintéirneachtaí, deiseanna taighde agus forbartha, agus an Músaem a neartú mar fhostóir cuimsitheach, éagsúil agus ceannródaíoch san earnáil.

Rialachas, Cuntasacht agus Riosca

- Na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, iompair eiticíúil,

trédhearcachta agus comhlíonta rialála a chinntiú, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

- Maoirseacht a dhéanamh ar chreataí láidre bainistíochta airgeadais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh chun tacú le héifeachtacht agus cuntasacht eagraíochtúil.
- Comhairle a chur ar an mBord agus ar an Rialtas maidir le tosaíochtaí earnála agus riachtanais acmhainní a bhfuiltear ag súil leo, ag tacú le cinnteoireacht eolasach agus planáil fhadtéarmach.
- Tacú leis an mBord agus lena choistí agus plé éifeachtach a bheith agat leo, agus cathaoirleacht a dhéanamh ar fhóiraim rialachais na mbainisteoirí sinsearacha.
- Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar chur isteach clár bliantúil, buiséad agus tuarascálacha feidhmíochta i gcomhréir leis an straitéis faofa.
- Leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú agus giniúint ioncaim a spreagadh, lena n-áirítear maoiniú ón státchiste agus maoiniú neamh-státchiste, maoiniú taighde, cistí cuimsithe shóisialta agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí fháil, de réir mar is iomchuí.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Caidreamh Seachtrach

- Gníomhú mar phríomhphearsa maidir le cáil agus tionchar an Mhúsaem a neartú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Caidreamh láidir iontaofa a chothú agus a choinneáil ar bun leis an gCathaoirleach agus leis an Bord, leis an Aire agus an Roinn Cultúir agus páirtithe sinsearacha eile de chuid an Rialtais, Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, comhlachtaí ionadaíochta, pobail, gníomhaireachtaí Stáit agus comhpháirtithe idirnáisiúnta.
- Tionchar a imirt ar cheannairí agus ar chomhpháirtithe earnála agus comhoibriú leo chun nuálaíocht, cruthú luacha agus inbhuanaitheacht fadtéarmach a spreagadh ar fud an tírdhreacha chultúrtha agus oidhreachta.

- Inrochtaineacht, cuimsiú agus rannpháirtíocht phobail a neartú i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha.
- A chinntiú go mbeidh guth ceannródaíoch ag Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcónaí i scoláireacht chultúrtha, i stair phoiblí agus i dioscúrsa náisiúnta.

Sonraíocht Phearsanta

Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Cáilíocht leibhéal 8 i ndisciplín ábhartha. Tá cáilíocht iarchéime ábhartha inmhianaithe.
- Cuntas teiste soiléir ar cheannaireachta feidhmiúcháin inchomparáide in eagraíochtaí de scála, raon feidhme agus castacht páirtithe leasmhara inchomparáide.
- Cumas léirithe chun straitéis eagraíochtúil ar scála mór a fhorbairt agus a chur i gcrích, lena n-áirítear aistriú agus athrú.
- Cuntas teiste maidir le foirne ardfheidhmíochta a threorú agus torthaí a bhaint amach trí struchtúir eagraíochtúla casta.
- Taithí ar obair éifeachtach a dhéanamh le Bord agus ar oibriú laistigh de chreataí láidre rialachais, cuntasachta agus comhlíontachta.
- Taithí ar bhuiséid, acmhainní agus rioscaí suntasacha a bhainistiú, agus cuntasacht as feidhmíocht eagraíochtúil.
- Cumas cruthaithe chun dul i mbun rannpháirtíochta agus tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara sinsearach, lena n-áirítear an rialtas, an córas oideachais, comhpháirtithe agus comhlachtaí seachtracha.
- Scileanna cumarsáide láidre agus taithí ar bheith ag gníomhú mar ambasadóir eagraíochtúil ar an leibhéal sinsearach.
- Meas léirithe ar ról an chultúir, na hoidhreachta agus na n-institiúidí bailiúcháin sa tsochaí.
- Taithí ar chláir athraithe, nuálaíochta nó bhunathraithe eagraíochtúla a threorú i gcomhar le baill foirne agus le páirtithe leasmhara.
- Tiomantas soiléir do luachanna seirbhíse poiblí, ionracas, trédhearcacht agus cuimsiú.





Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Taithí ar bheith ag obair laistigh d'institiúid chultúrtha náisiúnta nó de chomhlacht atá maoinithe go poiblí.
- Eolas ar chleachtas músaeim, bailiúcháin, coimeád nó beartas cultúrtha.
- Rannpháirtíocht in éagsúlú ioncain, lena n-áirítear deontais, comhpháirtíochtaí taighde, daonchardeas nó forbairt tráchtála.
- Taithí ar bheith i gceannas ar nuálaíocht eagraíochtúil, lena n-áirítear aistriú digiteach agus cultúr taighde agus malartaithe eolais a chumasú nó a fhorbairt.
- Taithí ar thionscadail chaipitil, forbairt bonneagair nó oibríochtaí bunaithe ar ionaid.
- Tiomantas cruthaithe do rannpháirtíocht phoiblí agus d'fhorbairt lucht féachana/éisteachta, agus fianaise ar thionchar.

Tréithe Pearsanta Riachtanacha don Phost

- Ceannaire físeach faoi threoir luachanna ag a bhfuil ionracas láidir agus breithiúnas fóna.
- Thar a bheith inchreidte, leis an láithreach agus leis an údarás chun feidhmiú go héifeachtach ar leibhéal an Bhoird agus an Rialtais.
- Comhoibríoch agus cuimsitheach, agus é/ní tiomanta do chultúr eagraíochtúil dearfach a fhorbairt.
- Athléimneach agus inoiriúnaithe, leis an gcumas bheith i gceannas ar thimpeallacht chasta atá ag athrú i gcónaí.
- Scileanna láidre idirphearsanta ag a bhfuil tionchar, agus an cumas aige/aici muinín agus ailíniú a chothú i measc páirtithe leasmhara.
- Tiomantas soiléir do luach poiblí, tionchar cultúrtha agus inbhuanaitheacht eagraíochtúil.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag lorg iarratais ar ról Stiúrthóra ó iarrthóirí ag a bhfuil na cáilíochtaí cuí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon agus tabharfaidh sé faoi chuardach cuimsitheach feidhmiúcháin mar chuid den fheachtas earcaíochta seo.

Ba chóir gach fiosrú a bhaineann leis an ról a dhíriú chuig **Eilish Devine, Comhpháirtí** dár gcomhpháirtithe cuardaigh feidhmiúcháin coinnithe, Principal Connections – executive search trí ríomhphost a sheoladh chuig **apply@principalconnections.com**, nó mar mhalairt air sin, cuir glao ar **+353 (0)1 703 88 09**.

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo seol CV trí ríomhphost chuig **Principal Connections** ag: **apply@principalconnections.com** faoi bhráid **Eilish Devine**.

Ba chóir iarratais a chur isteach ar líne agus ní mór an méid seo a leanas a bheith iontu:

- Litir chumhdaigh (dhá leathanach A4 ar a mhéad) ina leagtar amach an fáth ar mian leat go mbreithneofar thú don ról agus na réimsí a chreideann tú go gcomhlíonann do scileanna agus do thaithí riachtanais an ról.
- CV cuimsitheach ina léirítear go soiléir do ghnóthachtálacha agus do thaithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo.


Ní ghlacfar ach le hiarratais atá curtha isteach ina n-íomláine.

Dáta Deiridh

Spríodhata don iarratas: **12 meán Iae ar an 18 Bealtaine 2026**.
Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an dáta/am deiridh. Eiseofar ríomhphost admhála le haghaidh gach iarratais a gheofar.




Aguisín I – Struchtúr Corparáideach



Aguisín II - Samhail Inniúlachta

Dirítear aird na n-iarrthóirí ar an tsamhail inniúlachta atá forbartha do phoist mar Phríomhoifigeach. Tá an creat sin deartha chun tacú leis an tSeirbhís Shibhialta agus Phoiblí le lucht saothair ardfheidhmíochta a fhorbairt don todhchaí.

Tá samhail inniúlachta an Phríomhoifigigh leagtha amach thíos. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <https://www.publicjobs.ie/en/information-hub/capability-framework/principal-officer>



Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

Ceannaireacht agus Stiúradh Straitéiseach	Treoraíonn sé/sí an fhoireann, ag leagann síos caighdeáin arda, ag tabhairt aghaidh ar aon fhadhbanna feidhmíochta agus ag éascú ardfheidhmíochta.
	Éascaíonn sé/sí malartú oscailte smaointe agus cothaíonn sé/sí atmaisféar cumarsáide oscailte.
	Cuireann sé/sí le straitéis agus beartas na Roinne/an Rialtais chruthú.
	Forbraíonn sé/sí cumas agus acmhainneacht i measc na foirne trí tharmligean éifeachtach.
	Forbraíonn sé/sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil.
	Treoraíonn sé/sí ullmhú d'athrú agus athchóiriú suntasach agus cuireann sé/sí chun feidhme.
	Réamh-mheasann sé/sí forbairtí san earnáil/timpeallacht níos leithne agus freagraíonn sé/sí go tapa dóibh.
	Comhoibríonn sé/sí go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile.
Breithiúnas agus Cinnteoireacht	Aithníonn sé/sí príomhcheisteanna agus faisnéis/cásanna casta á láimhseáil agus díríonn sé/sí orthu.
	Bailíonn sé/sí fíricí, ionramhálann sé/sí faisnéis bhriathartha agus uimhriúil agus smaoiníonn sé/sí ar shaincheisteanna ar bhealach loighciúil.
	Feiceann sé/sí an gaol idir saincheisteanna agus tuigeann sé/sí go tapa na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla.
	Aithníonn sé/sí réitigh chomhtháite ar shaincheisteanna casta.
	Déanann sé/sí beart, ag déanamh cinntí in am agus i dtráth agus bíonn an misneach aige/aici iad a chur i gcrích
	Déanann sé/sí cinntí fóna eolasacha, agus tuiscint aige/aici ar a dtionchar agus a n-impleachtaí.
	Déanann sé/sí iarracht cothromaíocht éifeachtach a aimsiú idir saincheisteanna earnála, gnéithe polaitiúla agus tionchar na saoránach i ngach cinneadh.
Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach	Tionscnaíonn sé/sí torthaí/seirbhísí a bhaint amach ina réimse féin agus glacann sé/sí freagracht phearsanta astu.
	Aimsíonn sé/sí cothromaíocht agus idir mionsonraí straitéise agus mionsonraí oibríochta chun freastal ar riachtanais ghnó.
	Bainistíonn sé/sí cláir oibre agus cúraimí iomadúla agus ath-leithdháileann sé/sí acmhainní chun athruithe ar fhócas a bhainistiú.
	Baineann sé/sí an úsáid is fearr as acmhainní agus cuireann sé/sí bearta feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach.
	Cinntíonn sé/sí go mbainfear an úsáid is fearr as TFC agus as samhlacha seachadta nua.
	Déanann sé/sí athbhreithniú criticiúil ar thionscail agus ar ghníomhaíochtaí lena chinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta.
	Spreagann sé/sí béim ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus riachtanais rialachais.
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil an fhoireann dírithe agus go ndéanann siad beart de réir thosaíochtaí phleananna Gnó, fiú nuair a bhíonn sé/sí faoi bhrú.
Caidreamh agus Cumarsáid a Chothú	Labhraíonn agus scríobhann sé/sí ar bhealach soiléir, follasach a bhfuil tionchar aige.
	Éisteanann sé/sí go gníomhach, ag féachaint le tuiscint a fháil ar dhearccháil agus ar sheasamh daoine eile.
	Bainistíonn agus réitíonn sé/sí coimhlíntí/easaontais ar bhealach dearfach cuiditheach.
	Oibríonn sé/sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, agus aithníonn agus bainistíonn sé/sí teannas a thagann chun cinn ó pháirtithe leasmhara éagsúla.
	Cuireann sé/sí rudaí ina luí ar dhaoine eile; cothaíonn sé/sí comhthuiscint, faigheann sé/sí comhoibriú ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus spríocanna a bhaint amach.
	Bíonn sé/sí ag plé go réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus i measc Ranna eile/Eagraíochtaí eile agus tógann sé/sí líonraí gairmiúla eile.
	Cuireann sé/sí tuairimí in iúl nuair a mhothaíonn sé/sí go bhfuil sé ceart é sin a dhéanamh.
Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinforbairt	Forbraíonn agus coinníonn sé/sí scileanna agus saineolas i roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse agus a aithníonn daoine laistigh agus lasmuigh den Roinn/Eagraíocht.
	Coinníonn sé/sí suas chun dáta le príomhbheartais ranna, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le treochar eacnamaíochta, polaitiúla agus sóisialta a théann i gcion ar an ról.
	Coinníonn sé/sí béim láidir ar fhéinforbairt, agus lorgaíonn sé/sí aiseolas agus deiseanna fáis.

Dúthracht agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí	Déanann sé/sí iarracht leanúnach feidhmiú ar ardchaighdeán.
	Léiríonn sé/sí tiomantas pearsanta don ról, agus é/sí díoghbháilteacht agus buanseasmhacht i gcónaí agus cothromaíocht agus peirspictíocht i ndáil le saincheisteanna oibre á gcoinneáil aige/aici.
	Cuireann sé/sí go dearfach leis an gclár oibre corparáideach.
	Tá sé/sí iontaofa, macánta agus measúil ar bhonn pearsanta, ag déanamh de réir a g(h)ealltanais agus t(h)iomantas.
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil.
	Tá sé/sí seasmhach, ag coinneáil guaim air/uirthi féin fiú i gcásanna deacra nó dúshlánacha.
	Cuireann sé/sí cultúr chun cinn lena gcothaítear na caighdeáin eitice agus ionracais is airde.

Aguisín III – Freagrachtaí Reachtúla

Comhlíonfaidh an Stiúrthóir gach feidhm agus oibleagáid reachtúil de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann, agus cinnteoidh sé/sí go gcomhlíonfar go hiomlán an reachtaíocht ábhartha, na ceanglais rialála agus beartas an Rialtais.

Áirítear leis sin, go sonrach, freagrachtaí faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 agus faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014, mar aon le hionstraimí reachtúla agus treoirlínte gaolmhara. Cinnteoidh an Stiúrthóir freisin go gcomhlíonfar creat reachtaíochta níos leithne lena rialaítear oidhreacht, riarachán poiblí agus cuntasacht, lena n-áirítear an tAcht Oidhreachta 1995, Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023, na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2023, agus an tAcht Loingis Cheannaíochta (Tarrthálas agus Raic).

Cuimsítear leis an ról freisin comhlíonadh oibleagáidí níos leithne na hearnála poiblí i ndáil le trédhearcacht, cosaint sonraí agus comhionannas, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus RGCS, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú in 2021), agus Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Ina theannta sin, cinnteoidh an Stiúrthóir go gcomhlíonfar ceanglais rialachais agus mhaoirseachta na hearnála poiblí, lena n-áirítear na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995-2001, an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, mar aon leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Gníomhóidh an Stiúrthóir mar shealbhóir oifige reachtúil lárnach, ag comhlíonadh freagrachtaí náisiúnta an Mhúsaem i ndáil le cúram, cosaint agus léirmhíniú bhailiúcháin an Stáit, agus a ról maidir le tuairisciú seandálaíochta agus maoirseacht oidhreachta. Áirítear leis sin gníomhú mar chomhairleoir reachtúil don Rialtas maidir le hábhair ábhartha, lena n-áirítear ceadúnais tochailte, toilithe agus treoracha airí.

Agus na freagrachtaí sin á gcomhlíonadh aige/aici, cloífidh an Stiúrthóir leis na caighdeáin is airde ionracais, iompair eiticíúil agus maoirseachta, á chinntiú go bhfeidhmíonn an Músaem le hionracas, trédhearcacht agus cuntasacht, agus go gcoinneoidh sé a sheasamh mar institiúid náisiúnta iontaofa.

Aguisín IV - Coinníollacha Seirbhíse

Fad na Fostaíochta

Is ceapachán cúig bliana é seo in Ard-Mhúsaem na hÉireann, faoi réir cumas promhaidh ar feadh tréimhse bliana amháin. Forchoimeádann an Músaem an ceart an tréimhse sin a shíneadh i gcúinsí eisceachtúla. Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

Tuarastal

Is é an scála tuarastail maidir leis an bpost seo scála tuarastail an Phríomhoifigigh (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 - 1 Feabhra 2026), agus is iad seo a leanas na rátaí incriminte reatha:

€ 115,245	€ 119,989	€ 124,757	€ 129,514	€ 133,570	€ 137,847	€ 142,120
1	2	3	4	5	6	7
					LSI1*	LSI2**

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

*Tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

**Tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

Tá feidhm maidir leis an ráta pá PPC i gcás ina bhfuil sé dhualgas ar an duine aonair Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) a íoc de réir rialacha a bpríomhscéime/scéime aoisliúntais phearsanta. Tá sé sin difriúil le ranníocaíocht i leith ballraíochta i scéim do Chéilí agus do Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm i gcás nach bhfuil sé de dhualgas ar an gceapaí Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

Tosóidh an ceapaí ag íosmhéid an scála agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir caibidlíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go chéile i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha difriúla a bheith i bhfeidhm má tá tú i do státseirbhíseach nó i d'fhostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair.

Liúntas Breise Iníoctha

Tá liúntas i bhfoirm pá ag gabháil leis an bpost atá iníoctha in aghaidh na bliana mar atá leagtha amach thíos: Liúntas Stiúrthóra – PPC: €15,825

Suíomh

Beidh an ról lonnaithe go príomha in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Sráid ba Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7, nó in aon suíomh eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann de réir mar is gá. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le taisteal idirnáisiúnta ó am go chéile freisin.

I measc shuíomhanna an mhúsaem tá:

- Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7, *(Ealaín agus Tionsclaíocht)
- Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, (Saol na Tuaithe)
- Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, (Stair an Dúlra)
- Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 (Seaniarsmaí na hÉireann / Seandálaíocht)
- Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin - Sráid Seán McDermott, Baile Átha Cliath 2
- An tIonad Acmhainní do Bhailiúcháin (CRC) - Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
- Suíomhanna breise sa Daingean, Co. Uíbh Fhailí agus i mBéal Átha na nIarlaí, Co. Ros Comáin

Uaireanta Tinrimh

Beidh na huaireanta freastail mar atá socraithe ó am go chéile ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine (35 uair an chloig glan) i gceist leo. Beidh ort oibriú uaireanta breise dá leithéid ó am go chéile de réir mar is réasúnta agus is gá chun do dhualgais a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sa reachtaíocht maidir le ham oibre. Clúdaítear sa ráta luach saothair iníoctha aon dliteanas freastail bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

Saoire bhliantúil

Beidh 30 lá oibre ann mar shaoire bhliantúil in aghaidh na bliana. Tá an tsaoire seo bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáthlaethanta saoire poiblí

Fostaíocht Lasmuigh

Is ról lánaimseartha é seo, agus ní mór don cheapaí rannpháirtíocht i bhfostaíocht/leasanna gnó lasmuigh a thagann salach nó a d'fhéadfadh teacht salach le gnó an Ard-Mhúsaem a sheachaint. Ní mór soiléiriú a lorg i gcás ina mbeadh aon amhras ann.

Gníomhaíocht pholaitiúil

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha lena rialáítear státseirbhísigh agus polaitíocht.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, más cuí, maidir leis an gceapachán seo. Beidh tuilleadh faisnéise faoi na coinníollacha fostaíochta leagtha amach i gconradh fostaíochta an iarrthóra rathúil.

Saoire bhreiteachta

Féadfar pá iomlán a cheadú nuair a bhíonn duine as láthair de bharr breiteachta ach é sin a bheith deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann faoi mhíchumas buan maidir le seirbhís, agus is féidir é a cheadú suas go dtí 92 lá ar a mhéad in aon bhliain amháin agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir 183 lá saoire bhreiteachta ar a mhéad a bheith ann in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar an té a cheapfar sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir ag an oifigeach na héilimh riachtanacha a dhéanamh ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha riachtanacha ama.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear an ceapachán. Go ginearálta, agus seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nár bhain téarmaí na scéime aonair leis) sna 26 seachtainí roimh an gceapachán (féach alt d thíos), ciallaíonn sé sin go ndéanfar ceapachán a thairiscint dóibh bunaithe ar bhallaíocht den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (“An Scéim Aonair”).

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

a. Aois Inphinsin

Is í an aois íosta dá bhfuil pinsean iníoctha ná 66 (ag éirí go 67 agus 68) ag teacht le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

b. Aois Scoir

Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

c. Laghdú Pinsin

Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé/sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís beidh feidhm ag gnáthrialacha faoi laghduithe. Mar sin féin, má bhí an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe sin agus más rud é gur bronnadh pinsean air/uirthe faoi shocruithe luathscóir deonacha (seachas faoin Scéim Dreasachta Luathscóir

(ISER) nó Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS, a fhágann, mar a léirítear thuas, nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas) cuirfear deireadh leis an teidliocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thug an té a cheapfar a ríomh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an té a cheapfar a bheith incháilithe ina leith.

Má bhí an duine a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair faoi deara go bhfuil foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 a leathnaíonn laghdú pinsin do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí atá athfhostaithe sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó a bhfuil pinsean iarchurtha Sibhialta nó Seirbhíse Poiblí acu a bheidh iníoctha le linn a bhfostaíocht sa phost seo.**

Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2 agus in Alt 10.3 de dhoiciméadach ábhartha an chiorcláin, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shnáitheanna 1, 2 nó 3** den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháiil in aon chuid den earnáil phoiblí, **scorfar láithreach** d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhrí an duine mar mhúinteoir (is é sin, ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

Dul ar Scor de thoradh Drochshláinte. Tabhair do d'aire sa chás go bhfuil duine scortha ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte go bhféadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. Seirbhísigh Phoiblí Roimhe Seo

Cé gurb é ballraíocht sa Scéim Aonair atá sna téarmaí réamhshocraithe pinsin atá leagtha amach sna hailt roimhe seo, b'fhéidir nach mbeidh sé seo i gceist i gcás daoine áirithe a cheapfar. Tugtar sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina bhall den Scéim Aonair san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Mar sin féin is í an phríomheisceacht (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) maidir le hiarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin (nach raibh faoi théarmaí na scéime aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtain ón am ar ghlac an t-iarrthóir leis an gceapachán, nach mbeadh an té sin ina bhall den Scéim Aonair de ghnáth. Sa chás sin, thairgfí ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Fostaithe Stáit Neamhbhunaithe") d'iarrthóir dá leithéid. Chi-allódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha lacáiste ag (c) thuas, agus ina theannta sin, bheadh impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar atá leagtha amach thíos:

e. Fabhrú Pinsin

Bheadh teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán ar féidir a áireamh i leith pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar a thuill cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Beartha Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí do Sheirbhísigh Phoiblí, féach ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/pensions>

**mus
eum**

Ard-Mhúsaem
na hÉireann
National Museum
of Ireland



**principal
connections**
executive search